Fóram Leas-Sealbhóirí an Rialálaí Carthanas

Dáta: 15 Aibreán 2024
Láthair: An Rialálaí Carthanas, Duga Sheoirse, Baile Átha Cliath 1, agus go fíorúil.

Tionóladh an tríú cruinniú de chuid Fhóram Leas-Sealbhóirí an Rialálaí Carthanas an 15 Aibreán 2024. Scaipeadh clár oibre roimh an gcruinniú.

An t-eolas is deireanaí ón Rialálaí Carthanas

- D'inis Madeleine Delaney (Príomhfheidhmeannach Eatramhach/Stiúrthóir Gnóthaí Dlí agus Clárúcháin) don fhóram go bhfuil Príomhfheidhmeannach nua á earcú agus gur cheap Bord an Rialálaí Carthanas í mar Phríomhfheidhmeannach Eatramhach. D'inis sí don fhóram freisin faoi na ceapacháin a rinne Heather Humphreys TD, an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail, chuig an mBord le déanaí. Áiríodh leis sin Gerry Kearney a cheapadh mar chomhalta agus mar Chathaoirleach ar an mBord. Thug Madeleine an t-eolas is deireanaí ar dhul chun cinn an Bhille Carthanas (Leasú), rud a bheidh ag céim an choiste sna seachtainí atá le teacht. Tharraing sí aird an fhóraim freisin ar an seimineár Gréasáin a d'óstáil an Rialálaí Carthanas maidir le maoin carthanais agus údarú rialála le déanaí, rud ar fhreastail breis agus 300 gairmí dlí air. Reáchtáladh an seimineár Gréasáin chun feasacht a mhéadú arís eile ar an bpróiseas reachtúil a gceanglaítear ar an Rialálaí Carthanas é a leanúint i leith na nithe sin agus chun feabhas a chur ar cháilíocht na n-iarratas a dhéantar chuig an Rialálaí, rud a chabhródh le feabhas a chur ansin ar an am a thógtar chun cinntí a eisiúint.

- Thug Thomas Mulholland (Stiúrthóir um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú) an t-eolas is deireanaí don fhóram ar an tionscadal spriocdhírithe comhlíonta atá ar siúl chun méadú a dhéanamh ar a mhéid a chomhlíontar oibleagáidí tuairiscithe bhliantúil.

- Thug Geraldine McCarthy (Ceann um Chumarsáid agus Caidreamh le Leas-Sealbhóirí) roinnt torthaí barrlíne ó shuirbhé a rinneadh ar bhainisteoirí sinsearacha/Príomhoifigigh Feidhmiúcháin de chuid carthanas le déanaí mar chuid d'athbhreithniú leanúnach ar threoir. Chuir sí an fóram ar an eolas freisin faoi shuirbhé a dhéanfaí ar iontaobhaithe go luath, agus é ceaptha chun cur leis an tuiscint atá ag an bpobal ar cad is carthanas ann agus cad nach carthanas ann.

Grúpdhíospóireachtaí – An Cód Rialachais do Charthanais

- Ag teacht sna sála ar dhíospóireacht a seoladh ag an gcruinniú roimhe maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an treoir reatha ón Rialálaí Carthanas d'iontaobhaithe carthanais, tháinig na comhaltaí den fhóram ar iontaobhaithe iad le chéile ina ngrúpaí beaga chun plé a dhéanamh ar chumarsáidí a bhaineann leis an gCód Rialachais do Charthanais agus ar an dóigh a n-úsáideann a gcarthanais an Cód faoi láthair chun feabhas a chur ar an dóigh a reáchtáiltear iad. Rinne siad plé freisin ar athruithe nó tacaí eile a bheadh úsáideach do

charthanais de gach méid, lenar áiríodh a léiriú dá leas-sealbhóirí cén dóigh a gcuireann siad an Cód chun feidhme. Áiríodh leis na moltaí a cuireadh in iúl dul chun cinn a rianú ar fud na bliana tríd an bhfoirm reatha um chomhlíonadh a thaifeadadh a úsáid agus stádas comhlíonta an charthanais a chur chun cinn ar a shuíomh Gréasáin féin. Chomhroinn na grúpaí a gcuid tuairimí agus moltaí leis an ngrúpa i gcoitinne – na hionadaithe ón Rialálaí Carthanas ina measc – agus rinneadh tuilleadh plé orthu ansin.

An chéad chruinniú eile

Tiocfaidh an fóram le chéile arís i mí Dheireadh Fómhair 2024.